Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Plean Gnímh don Aeráid – Ár dTodhchaí a Dhaingniú

Astaíochtaí a Ghearradh, Poist Ghlasa a Chruthú, Daoine agus Pláinéad a Chosaint





# TÁ ÁR n-AERÁID AG ATHRÚ, AGUS NÍ MÓR DUINN MUID FÉIN AGUS NA GLÚNTA ATÁ LE TEACHT A CHOSAINT

**Tá an eolaíocht doshéanta agus tá iarmhairtí an athraithe aeráide soiléir cheana féin. Tá teagmhais aimsire foircneacha ag éirí níos minicí, le rioscaí méadaithe do sholáthairtí bia domhanda agus do shlándáil. Tá a fhios againn nach mór dúinn gníomhú, agus trí ghníomhú anois is féidir linn geilleagar agus sochaí níos glaine agus níos glaise a thógáil, rud a chruthaíonn deiseanna dúinn go léir.**

## Cad is gá dúinn a dhéanamh

Ar fud an domhain ní mór dúinn laghdú mór a chur ar méid na ngás ceaptha teasa atá á gcur san atmaisféar againn, chun dóchas ar bith bheith againn ardú teochta a theorannú go 1.5 céim, ár Domhan a choinneáil ináitrithe agus ár n-éiceachórais a choinneáil ag feidhmiú.

Sa Chlár don Rialtas agus san Acht Aeráide 2021, tá gealltanas tugtha ag Éirinn ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ina leath faoi 2030 agus glan-nialas a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí. Is é an Plean Gnímh don Aeráid a chaoi a ndéanaimid é. Is é ár mbealach chuig todhchaí slán dúinn féin agus do na glúine atá le teacht.

## Cad a chiallaíonn sé don chaoi a mairimid

Trí ghníomh a dhéanamh anois is féidir linn Éire nua a thógáil, áit ina mbeidh ár bpobail sláintiúil agus slán, ag baint sult as aer agus uisce níos glaine, agus ina mbeidh tithe níos teo agus níos saoire le téamh.

Áit ina ngearrfaimid ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ina dtiocfaidh an chumhacht as ár n-acmhainní in-athnuaite dúchasacha féin.

Áit a gcruthófar na mílte post trí infheistíocht a dhéanamh i réimsí nua cosúil le gaoth amach ón gcósta, foraoiseacht agus talmhaíocht cheannródaíoch.

Áit ina mbeidh siúlóid agus rothaíocht sábháilte agus inrochtana, ina mbeidh iompar poiblí níos glaine agus níos minice, agus ina dtacófar le rolladh amach feithiclí leictreacha ar fud na tíre.

Áit ina mbeidh cinnteacht ag feirmeoirí go bhfuil todhchaí inmharthana ann dá dtionscal, ag táirgeadh bia den chéad scoth le lorg carbóin níos ísle, a bhuí le cur chuige eolaíocht-bhunaithe a fheabhsaíonn an bhithéagsúlacht freisin, agus a chosnaíonn an dúlra.

## Cé a dhéanann cad a dhéantar


Tá buiséid charbóin fhoriomlána molta ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, comhlacht neamhspleách, don rialtas a chuirfear faoi bhráid an Oireachtais le faomhadh. Is éard tá i mbuiséad carbóin ann ná méid iomlán na ngás ceaptha teasa a fhéadfar a astú i dtréimhse cúig bliana ar leith.
Is é post an rialtais cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbuiséad sin a roinnt ar earnálacha éagsúla den gheilleagar. Ní mór do gach earnáil a bpáirt a ghlacadh ach is féidir le roinnt acu dul chun cinn ar ráta níos tapúla ná cinn eile. Sa **Phlean Gnímh don Aeráid** leagtar amach na bearta mionsonraithe chun astaíochtaí a laghdú agus chun ár spriocanna atá le teacht gan mhoill do gach earnáil a bhaint amach.

# Conas a thacóidh an rialtas leis an aistriú

Beidh ról le himirt ag saoránaigh, ag pobail agus ag lucht gnó. Tacóidh an Rialtas leis na hathruithe tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta de luach €165 billiún lena n-áirítear maoiniú chun ár dtithe a iarfheistiú, iompar poiblí nua a thógáil, athoiliúint a chur ar oibrithe agus tacú le haistriú ar bhonn ceartais.

Gníomhóidh an rialtas chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine nó d'earnálacha a bhfuil tionchar orthu chun cabhrú le haistriú ar bhonn ceartais chuig geilleagar ísealcharbóin.

Tá gach méadú ar chánacha carbóin curtha in áirithe do thacaíochtaí cosanta sóisialta spriocdhírithe, iarfheistiú lena n-áirítear uasghrádú saor in aisce do theaghlaigh ar ioncam íseal, agus scéimeanna agra-chomhshaoil



# ASTAÍOCHTAÍ A GHEARRADH, POIST GHLASA A CHRUTHÚ, DAOINE AGUS PLÁINÉAD A CHOSAINT

## Leictreachas

- Méadú ar leictreachas in-athnuaite - gaoth agus gréine suas go dtí 80% faoi 2030
- Scéim tacaíochta do mhicrighiniúint lena ligtear d'úinéirí tí a gcuid leictreachais féin a ghiniúint agus an méid nach n-úsáideann siad a dhíol ar ais leis an eangach náisiúnta
- Scéim gineadóra ar scála beag ar leith d'fheirmeoirí, gnó agus pobail chun leictreachas a ghiniúint agus a dhíol leis an eangach
- Astaíochtaí ó leictreachas a laghdú le 62% - 81% ó leibhéil 2018
- Trí nasc nó idirnascaire eangaí tarchuir nua a sheachadadh chuig Tuaisceart Éireann, an Bhreatain Mhór, agus an AE
- Deireadh a chur de réir a chéile le giniúint leictreachais guail agus móin
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis lárionad sonraí lena chinntiú go dtacaíonn an earnáil le spriocanna in-athnuaite agus astuithe

## Fiontraíocht

- GFT, Fiontraíocht Éireann agus ÚFIÉ chun infheistíocht agus fostaíocht sa dícharbónú a chur chun cinn agus tacaíochtaí a ailíniú le laghdú astuithe
- Seoladh ar líne de *Shraith Uirlisí Aeráide do Ghnó*
- Oibleagáid nua a thabhairt isteach chun a chinntiú go dtagann cuid den fhuinneamh teasa ó fhoinsí in-athnuaite
- Tosaíocht a thabhairt i gconarthaí poiblí do chumaisc stroighne a mhaireann níos faide agus a astaíonn níos lú carbóin
- Dlús a chur le húsáid téimh ísealteochta atá neodrach ó thaobh carbóin de san earnáil bia agus deochanna agus téamh ardteochta hibrideach san earnáil tionsclaíochta.

## Tithe & Foirgnimh


- Éileamh a thiomáint leis an bPlean Náisiúnta nua um Iarfheistiú
- Iasachtaí ar chostas íseal a chumasc le deontais ÚFIÉ chun iarfheistiú a dhéanamh inacmhainne
- Trí ionad oiliúna eile a oscailt le haghaidh uasoiliúint iarfheistithe
- Clár a thabhairt isteach chun na hearnálacha teasa agus fuaraithe a dhícharbónú faoi 2050
- Deireadh a chur le húsáid breoslaí iontaise do théamh spáis agus uisce i ngach foirgneamh nua
- Rolladh amach de suas le 2.7 TWh de théamh ceantair
- Úsáid caidéal teasa leictreach nó teicneolaíocht ísealcharbóin eile a chur chun cinn i bhfoirgnimh chónaithe agus tráchtála nua agus atá ann cheana

## Iompar

- 500,000 turas taistil inbhuanaithe laethúil a chumasú faoi 2030 trí mhórthionscadail iompair phoiblí ar nós BusConnects agus Connecting Ireland; leathnú ar sheirbhísí iarnróid agus ar bhonneagar rothaíochta agus siúlóide
- Úsáid bhithbhreoslaí san iompar a mhéadú
- Leictriú fhlít bus agus iarnróid a leathnú le 1,500 bus leictreach faoi 2030
- Méadú ar líon na bhFeithiclí Leictreach go timpeall 1 milliún faoi 2030
- An t-iompar poiblí agus na flíteanna poiblí a thabhairt cothrom le dáta le roghanna astaíochtaí ísle

## Talmhaíocht

- Úsáid leasacháin nítrigine ceimiceacha a laghdú go suntasach go 325,000 tonna in aghaidh na bliana
- Feabhas a chur ar phórú agus ar bheathú ainmhithe
- Méadú beagnach cúig huaire ar thalamh feirmeoireachta orgánach go 350,000 heicteár
- Astuithe ónár dtréad déiríochta a bhainistiú agus ár samhail de tháirgeadh mairteola a athrú ón mbonn
- 1.6 TWh de bhithmheatán dúchasach a tháirgtear go hinbhuanaithe a tháirgeadh in aghaidh na bliana
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna éagsúlaithe d'fheirmeoirí, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh, agrafhoraoiseacht agus cruthú coillearnaí



## Leictreachas

Leictreachas in-athnuaite gaoithe agus gréine a mhéadú suas le 80% faoi 2030

Scéim gineadóra ar scála beag d'fheirmeoirí, gnó agus pobail chun leictreachas a ghiniúint agus a dhíol leis an eangach

Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis lárionad sonraí lena chinntiú go dtacaíonn an earnáil le spriocanna in-athnuaite agus astuithe

## Fiontraíocht

Dlús a chur le húsáid téimh ísealteochta atá neodrach ó thaobh carbóin de san earnáil bia agus deochanna

Scéim Oibleagáide Nua chun a chinntiú go dtagann cion den fhuinneamh le haghaidh teasa ó fhoinsí in-athnuaite

GFT, Fiontraíocht Éireann agus ÚFIÉ le hoibriú le chéile chun infheistíocht agus fostaíocht sa dícharbónú a chur chun cinn agus tacaíochtaí a ailíniú le laghdú astuithe

## Tithe & Foirgnimh

Caighdeáin feidhmíochta a fhorbairt chun tógáil ísealcharbóin a chur chun cinn

Rolladh amach de suas le **2.7 TWh** de théamh ceantair

Plean Náisiúnta Nua um Iarfheistiú chun éileamh a spreagadh agus uasghráduithe fuinnimh a dhéanamh níos inacmhainne

## Iompar

500,000 turas taistil inbhuanaithe laethúil faoi 2030 trí mhórthionscadail iompair phoiblí ar nós BusConnects agus Connecting Ireland, leathnú ar sheirbhísí iarnróid agus ar bhonneagar rothaíochta agus siúlóide

Leictriú fhlít bus agus iarnróid a leathnú le 1500 bus leictreach faoi 2030

Úsáid bhithbhreoslaí san iompar a mhéadú

## Talmhaíocht

Athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna na éagsúlaithe d'fheirmeoirí, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh, agrafhoraoiseacht agus cruthú coillearnaí

Táirgeadh 1.6 TWh in aghaidh na bliana de bhithmheatán dúchasach a tháirgtear go hinbhuanaithe

Laghdú suntasach ar nítrigin cheimiceach, pórú agus beathú ainmhithe feabhsaithe

## Úsáid Talún, Foraoiseacht agus na Mara

Foraoisiú a mhéadú le Clár Foraoiseachta nua le seoladh in 2023

**Feabhas a chur ar bhainistíocht** ar 450,000 heicteár ar a laghad de thalamh féaraigh ar ithreacha mianraí

## An Geilleagar Ciorclach

Cur amú bia a laghdú le 50% faoi 2030

Straitéis um Geilleagar Ciorclach le foilsiú

A chinntiú go bhfuil gach pacáistiú plaisteach in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030

## Aistriú ar bhonn Ceartais chuig Éirinn a bheidh Neodrach ó thaobh na hAeráide de

Coimisiún um Aistriú ar bhonn Ceartais a bhunú chun prionsabail an aistrithe ar bhonn c eartais a chomhtháthú l e beartas aeráide i ngach earnáil

€84.5m ón gciste AE um Aistriú ar bhonn Ceartais chun cláir i Lár na Tíre a leathnú

Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide chun na grúpaí a dtéann an t-aistriú i bhfeidhm orthu is mó a áireamh

## Rannpháirtíocht na Saoránach agus Ceannaireacht Phobail

Cumhacht a thabhairt do gach duine cabhrú lenár sprioc de gheilleagar neodrach ó thaobh na haeráide a bhaint amach faoi 2050

Feabhas a chur ar litearthacht aeráide trí tuiscint ar athrú aeráide a chur chun cinn trí oideachas agus cumarsáid

Líon na bpobal fuinnimh inmharthana a mhéadú go 1500


## Praghsáil Carbóin & Beartais Thrasghearrtha

A chinntiú go dtacaíonn beartais chaiteachais agus cánachais le baint amach ár gcuspóirí aeráide

Gach méadú ar cháin charbóin atá curtha in áirithe do bhearta cosanta sóisialta spriocdhírithe, uasghráduithe méadaithe ar fhuinneamh tí do thithe ar ioncam íseal agus tithe sóisialta agus do scéimeanna agra-chomhshaoil

Forbairt córais airgeadais atá inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh aeráide de a chur chun cinn

$CO_2$



## Úsáid Talún, Foraoiseacht, agus na Mara

- Foraoisiú a mhéadú agus Clár Foraoiseachta nua le seoladh in 2023
- Feabhas a chur ar bhainistíocht ar 450,000 heicteár ar a laghad de thalamh féaraigh ar ithreacha mianraí
- Déine bainistíochta laghdaithe (bainistíocht maoschlár) de 80,000 heicteár ar ithreacha orgánacha draenáilte faoi 2030
- Athbhreithniú ar úsáid talún a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn na roghanna is fearr maidir le húsáid talún mar bhonn eolais do gach cinneadh rialtais ábhartha
- Feasacht an phobail ar luach fharraigí na hÉireann a mhéadú

## An Geilleagar Ciorclach

- Straitéis Geilleagair Chiorclach an Rialtais Uile a fhoilsiú
- Cur amú bia a laghdú le 50% faoi 2030
- A chinntiú go bhfuil gach pacáistiú plaisteach in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030
- Scéim Tuairisceáin Taisce a thabhairt isteach in 2022

## An Earnáil Phoiblí Ag Treorú le Dea-Shampla

- Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe a thabhairt isteach san Earnáil Phoiblí
- Astaíochtaí ón earnáil phoiblí a laghdú le 51% faoi 2030 le Foirne Glasa i ngach comhlacht poiblí
- Cosc a chur ar chórais téimh breosla iontaise nua i bhfoirgnimh phoiblí tar éis 2023 (eisceachtaí teoranta)
- Sainordú a thabhairt go mbeidh gach ceannachán flít nua leictreach ó 2023 (nuair atá cineál feithicle ar fáil)
- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ó 33% in 2020 go 50% faoi 2030

## Aistriú ar bhonn Ceartais chuig Éirinn a bheidh Neodrach ó thaobh na hAeráide de

- Coimisiún um Aistriú ar bhonn Ceartais a bhunú chun prionsabail an aistrithe chóir a chomhtháthú le beartas aeráide i ngach earnáil
- Cláir i Lár na Tíre a leathnú le €84.5m ó Chiste um Aistriú ar Bhonn Ceartais an AE
- Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a reáchtáil chun na grúpaí a dtéann an t-aistriú i bhfeidhm orthu is mó a chur san áireamh

## Gníomh Idirnáisiúnta

- Treochlár Airgeadais Aeráide a ullmhú, ag méadú ranníocaíochtaí go dtí 2030
- Straitéis Taidhleoireachta Aeráide a fhorbairt


## Rannpháirtíocht na Saoránach agus Ceannaireacht Phobail

- Cumhacht a thabhairt do gach duine cabhrú lenár sprioc de gheilleagar neodrach ó thaobh na haeráide a bhaint amach faoi 2050
- Litearthacht aeráide a fheabhsú trí thuiscint ar athrú aeráide a chur chun cinn trí oideachas agus cumarsáid
- Rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil - tacaíocht airgeadais a sholáthar do nuálaíochtaí, comhráite ar son na haeráide a óstáil, tacú le forbairt acmhainní, pobail áitiúla a chumasú aistriú go neodracht carbóin ar bhealach a bhfuil bríoch dóibh
- Líon na bPobal Fuinnimh Inmharthana a mhéadú go 1,500 faoi 2030

## Oiriúnú

- Tabhairt faoi thaighde chun tacú le pleanáil oiriúnaithe earnála náisiúnta chomhleanúnach
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar phríomhearnálacha lena n-áirítear iompar, talmhaíocht, líonraí teileachumarsáide agus ár dtimpeallacht thógtha
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú
- Gníomhartha oiriúnaithe a chur san áireamh i mbeartais earnála lena n-áirítear: Treoirlínte Pleanála na nÚdarás Áitiúil, Cóid Náisiúnta Dearaidh Struchtúrtha don Bhonneagar Fisiciúil, agus Treoir ar Oiriúnú Aeráide ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla






## Praghsáil Carbóin & Beartais Thrasghearrtha

- A chinntiú go dtacaíonn beartais chaiteachais agus cánachais le baint amach ár gcuspóirí aeráide
- Ioncam méadaithe ó cháin charbóin a úsáid le haghaidh bearta cosanta sóisialta, iarfheistiú méadaithe le haghaidh tithe ar ioncam íseal agus tithe sóisialta agus scéimeanna agra-chomhshaoil
- Forbairt córais airgeadais atá inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh aeráide de a chur chun cinn
- Soláthar agus éileamh hidrigine glaise a fhorbairt
- An Creat Pleanála Náisiúnta a chur chun feidhme chun tithíocht, fás agus forbairt dhlúth agus inbhuanaithe a chur chun cinn
- An claochlú digiteach, cleachtais cianoibre inbhuanaithe agus feidhmiú céimneach an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta a chur chun cinn
- Tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht maidir le gníomhú ar son na haeráide

## Cosanta ag an Dlí

- An Chomhairle Chomhairleach Neamhspleách ar Athrú Aeráide le Buiséid Charbóin a mholadh agus beartas a mheas
- Plean Gnímh don Aeráid a Athbhreithniú agus a Nuashonrú gach bliain
- An Bord Seachadta um Ghníomhú Aeráide arna mhaoirsiú ag Roinn an Taoisigh chun monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh
- Cuntasacht láidir do Choiste an Oireachtais um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Gach cinneadh rialtais agus infheistíocht mhór a dhíonadh ó thaobh carbóin de

# Buntáistí a thiocfaidh chun cinn de bharr na ngníomhartha sa Phlean



- Tithe níos teo
- Aer níos glaine
- Úsáid inbhuanaithe agus ciorclach d'acmhainní
- Pobail níos nasctha
- Poist ardchaighdeáin i bhfiontair ísealcharbóin



- Gnóthaí níos glaise
- Fás in earnálacha ísealcharbóin den gheilleagar
- Stíleanna maireachtála níos gníomhaí agus níos sláintiúla
- Cosaint níos fearr do ghnáthóga nádúrtha agus don bhithéagsúlacht



